Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**16703/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0267(NLE)**

**RECH 541**
**COASI 203**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe
idir an tAontas Eorpach, de pháirt,
agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile,
maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212 i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) …/… ón gComhairle[2+], an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais ('an Comhaontú'), síníodh é an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Bunaíodh Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. I gcomhréir le sainordú na Comhairle, rinneadh an Prótacal maidir le comhlachas Phoblacht na Cóiré le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) a chaibidliú i gcomhthreo leis an gComhaontú agus, de bhun Airteagal 17(9) den Chomhaontú, is cuid dhílis den Chomhaontú é.

---

2 Cinneadh (AE) …/… ón gComhairle an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais (IO L …, ELI: …).

\+ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an chinnidh atá i ndoiciméad ST 16702/24 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

++ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 16701/24.

3 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha[4].

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[4] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.